Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16335/23**

**CT 192**
**ENFOPOL 530**
**COTER 235**
**JAI 1612**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15404/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le déileáil le daoine a scaoiltear saor ón bpríosún agus a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta<br>– *Conclúidí ón gComhairle (an 4 Nollaig 2023)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le déileáil le daoine a scaoiltear saor ón bpríosún agus a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta, arna bhformheas ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3992ú cruinniú a bhí aici an 4 Nollaig 2023.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le déileáil le daoine a scaoiltear saor ón bpríosún a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI gurb ionsaí í an sceimhlitheoireacht ar luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar chearta an duine agus gur bagair thromchúiseach i gcónaí do na Ballstáit í.

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI ar an tosaíocht a thugtar i gcónaí do chomhrac na sceimhlitheoireachta ar chlár oibre Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar a tugadh suntas dó le déanaí ina conclúidí maidir le Muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht: an méid atá bainte amach agus na chéad chéimeanna eile, arna nglacadh an 9 Meitheamh 2022[1].

Agus É Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI gur iarr an Chomhairle Eorpach, ina conclúidí an 11 Nollaig 2020[2], ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí lánúsáid a bhaint as bunachair sonraí agus córais faisnéise Eorpacha, go háirithe maidir le sonraí ábhartha a iontráil sna bunachair sonraí faoi dhaoine a measann na Ballstáit go bhfuil bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh ag baint leo.

Agus É Á THABHAIRT dá hAIRE AICI gur dhearbhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh, sna conclúidí uaithi maidir leis an radacú sna príosúin a chosc agus a chomhrac agus maidir le déileáil le ciontóirí ar sceimhlitheoirí agus ar antoiscigh fhoréigneacha iad tar éis a scaoilte saor, a glacadh an 6 Meitheamh 2019[3], go bhféadfaí a áirithiú go ndéanfaí faireachán breise ar dhaoine radacaithe a mheastar, ar bhonn measúnú riosca, go bhféadfaidís a bheith fós ina mbagairt tar éis a scaoilte, ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus prionsabal na comhréireachta agus cearta bunúsacha an duine lena mbaineann á n-urramú.

Agus É Á MHEABHRÚ AICI gur leag an Chomhairle béim sna conclúidí céanna sin ar a úsáidí a d'fhéadfadh bearta iarscaoilte a bheith d'fhonn cosc a chur ar chiontóirí ar sceimhlitheoirí nó ar antoiscigh fhoréigneacha iad nó ar chiontóirí iad a ndearnadh iad a radacú agus iad sa phríosún, dul i mbun gníomhaíochtaí foréigneacha tar éis a scaoilte.

---

[1] 9997/22
[2] EUCO 22/20
[3] 9727/19

Agus É Á MHEABHRÚ AICI gur dhearbhaigh an Chomhairle, sna conclúidí céanna, go bhféadfadh comh-mhalartú faisnéise faoi phríosúnaigh radacaithe idir Ballstáit an Aontais, ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach, a mhéid a cheadaítear é faoin dlí náisiúnta, a bheith ina n-uirlis luachmhar, mar shampla nuair a bhaineann an fhaisnéis atá á comhroinnt le hiarphríosúnaigh atá ag filleadh ar Bhallstáit éagsúla nó ag taisteal chucu.

Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go luaitear sna conclúidí céanna go bhféadfadh tairbhe a bheith ag roinnt le húsáid níos fearr a dhéanamh de na córais faisnéise atá ann cheana (lena n-áirítear Córas Faisnéise Schengen (SIS).

Agus É Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI gur dhearbhaigh an Chomhairle ina Conclúidí maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus an Chomhpháirtíocht Eorpach Póilíní, a glacadh an 24 Samhain 2020[4], gur cheart leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar fhillithe ó limistéir choinbhleachta agus ar phríosúin agus ar phríosúnaigh a scaoiltear saor.

Agus É Á MHEABHRÚ AICI gur iarr an Chomhairle, sna conclúidí céanna, ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na daoine a measann na Ballstáit go bhfuil bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh ag baint leo, agus béim a leagan aici ar a riachtanaí atá sé san Eoraip seo gan teorainneacha go ndéanfaí faisnéis a chomhroinnt ar bhealach iontaofa tapa nuair a thaistealaíonn na daoine sin nó nuair a dhéanann siad teagmháil le daoine nó le líonraí i mBallstáit eile.

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé dar leis an gComhairle, mar a leagadh amach sna conclúidí céanna sin, go ndéanfaí na daoine sin a measann ceann ar leith de na Ballstáit go bhfuil bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh ag baint leo, a iontráil, i bprionsabal, sna bunachair sonraí agus sna córais faisnéise Eorpacha ábhartha, ach amháin mura féidir mar gheall ar ceisteanna dlí nó oibríochtúla.

Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI gur iarradh sa Ráiteas Comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Baile an Aontais maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla le déanaí san Eoraip, go ndéanfaí faisnéis a chomh-mhalartú faoi na daoine sin a bhfuil bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh ag baint leo.

[4] 13083/1/20 REV 1

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI ar an tús atá curtha cheana féin leis na hiarrachtaí chun chomhmalartú faisnéise agus tuisceana a mhéadú i ndáil le daoine ar bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh iad, mar shampla tionscadal Gefährder[5], i bhfoirm plé ar leibhéal na saineolaithe, agus an choimre a cruthaíodh de chuir chuige údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát maidir le measúnú a dhéanamh ar dhaoine a meastar go bhfuil bagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh ag baint leo agus conas déileáil leo, agus an chomhthuiscint agus critéir tháscacha neamhcheangailteacha atá á bhforbairt chun scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis maidir leis na daoine sin agus í a iontráil i mbunachair sonraí agus córais faisnéise Eorpacha. Díríonn an obair sin ar dhaoine a mheastar iad a bheith ina mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta nó ina mbagairt fhoréigin antoiscigh, lena n-áirítear daoine a ciontaíodh i sceimhlitheoireacht nó príosúnaigh radacaithe a rinne cionta coiriúla eile a scaoiltear nó atá ar tí a scaoilte agus, ar bhonn measúnú riosca aonair, a meastar go bhfuil bagairt ag roinnt leo tar éis a scaoilte.

Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur dhearbhaigh Europol, sa tuarascáil TE-SAT[6] is déanaí uaidh, go leanann daoine radacaithe a scaoiltear ó phríosúin de bheith ina n-ábhar imní do na Ballstáit toisc gur féidir leo leanúint de ghníomhaíochtaí iompúcháin lasmuigh den phríosúin agus a bheith rannpháirteach in ullmhú ionsaithe sceimhlitheoireachta, agus go bhféadfadh riosca foréigin a bheith ag roinnt le jiohádaigh radacaithe nó go bhféadfaidís ionsaithe a phleanáil tar éis a scaoilte.

Agus É Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI go bhfuil an tAontas tar éis roinnt ionsaithe jiohádacha a fhulaingt cheana féin ar chiontaithe nó príosúnaithe tar éis a scaoilte lucht a ndéanta[7].

---

[5] Critéir tháscacha choiteanna neamhcheangailteacha a fhorbairt le haghaidh comhthuiscint i measc údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais maidir le cathain ba cheart duine a mheas mar bhagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta nó bagairt fhoréigin antoiscigh lena scrúdaítear faisnéis faoi na daoine sin agus faoin bhfaisnéis sin a iontráil i mbunachair sonraí agus córais faisnéise Eorpacha.

[6] Europol (2023). Tuarascáil maidir le Staid agus Treochtaí Sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach (TE-SAT) https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/Europol_TE-SAT_2023.pdf

[7] Europol (2021). Tuarascáil maidir le Staid agus Treochtaí Sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach (TE-SAT) https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/tesat_2021_0.pdf

Agus BÉIM Á LEAGAN ar a shuntasaí atá líon na ndaoine atá le scaoileadh ó phríosún san Aontas Eorpach le linn na gcúig bliana seo romhainn, ar daoine iad a ciontaíodh i gcionta sceimhlitheoireachta nó a ciontaíodh i gcionta coiriúla eile agus a ndearnadh iad a radacú ina dhiaidh sin i bpríosún. I ndáil leis an méid sonrach sin, beidh ar na húdaráis inniúla a n-iarrachtaí bainistithe riosca agus faireacháin a mhéadú, i gcomhréir leis na hacmhainneachtaí reatha agus na tosaíochtaí comhfhreagracha, chomh maith lena n-iarrachtaí i ndáil le díscor agus ath-lánpháirtiú.

Agus É Á MHEABHRÚ AICI gur leag an Chomhairle béim, ina conclúidí maidir le Muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht: an méid atá bainte amach agus na chéad chéimeanna eile, a glacadh an 9 Meitheamh 2022, ar a ríthábhachtaí atá SIS gona acmhainneachtaí féideartha uile i ndáil le faisnéis a chomhroinnt a d'fhéadfadh tacú leis na Ballstáit daoine a bhrath a bhaineann bagairt sceimhlitheoireachta leo.

Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI go bhfuil amais in SIS a bhaineann le foláirimh sceimhlitheoireachta á dtuairisciú chuig Europol ó Mhárta 2021 agus go bhfuil tacaíocht á tabhairt ag Europol do na Ballstáit.

Agus É Á THABHAIRT DÁ hAIRE FREISIN AICI gur thagair na conclúidí thuasluaite don bhreisluach oibríochtúil a bhainfeadh leis an nós imeachta iar-amais a fhorbairt le haghaidh trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta atá cláraithe in SIS ar bagairt thromchúiseach iad, bunaithe ar fhógraí amais a fháil go deonach.

Agus É Á MHEABHRÚ AICI go ndeachaigh an SIS athnuaite i mbun oibríochtaí an 7 Márta 2023, agus raon feidhme níos mó aige, lena n-áirítear catagóirí breise foláireamh agus tuilleadh sonraí, go háirithe cineálacha nua sonraí bithmhéadracha agus feidhmiúlachtaí nua, lena gcuirtear uirlisí riachtanacha breise ar fáil chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

Agus an bhagairt Á hAITHINT AICI a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le daoine a bheith á scaoileadh saor ar daoine iad a ciontaíodh i gcionta sceimhlitheoireachta nó a ciontaíodh i gcionta coiriúla eile agus a ndearnadh iad a radacú sa phríosún.

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí an comh-mhalartú faisnéise idir na Ballstáit a chur chun cinn maidir le sonraí a bhaineann le daoine a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt sceimhlitheoireachta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an dlí Eorpach, agus prionsabal na comhréireachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann á n-urramú.

Agus BÉIM Á LEAGAN AICI ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí cearta agus saoirsí bunúsacha na bpríosúnach a scaoiltear saor a chosaint, go háirithe iad siúd nach bhfuil ina mbagairt a thuilleadh.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

Bearta iarscaoilte A CHUR CHUN CINN i ndáil le daoine a ciontaíodh i sceimhlitheoireacht nó i gcionta coiriúla eile agus a ndearnadh iad a radacú sa phríosún agus atá á scaoileadh, agus na bearta sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus prionsabal na comhréireachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann á n-urramú.

TUILLEADH FORBARTHA A DHÉANAMH ar an measúnú riosca agus an bainistiú nó faireachán a dhéantar ar dhaoine a scaoiltear saor nó atá ar thí a scaoilte le cur chuige il-ghníomhaireachtaí lena bhféachtar le rannpháirtíocht agus comhordú na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann a mhéadú.

An comh-mhalartú faisnéise A NEARTÚ, laistigh de chreat an dlí is infheidhme, maidir le daoine a ciontaíodh i sceimhlitheoireacht nó i gcionta coiriúla eile a scaoiltear saor nó atá ar tí a scaoilte saor tar éis dóibh a bpianbhreith a chur isteach, nuair a léiríonn measúnú riosca go bhfuil siad fós radacaithe agus go mbaineann bagairt sceimhlitheoireachta leo fós.

I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, FAISNÉIS A ROINNT laistigh den Aontas maidir le príosúnaigh a mheastar iad a bheith ina mbagairt sceimhlitheoireachta, agus é sin a dhéanamh roimh an am a fhéadtar iad a scaoileadh saor, trína sonraí a iontráil in SIS, agus i gcás ina bhfuil na príosúnaigh sin á bhfaire i gcreat forfheidhmithe dlí, trí úsáid a bhaint as Córas Faisnéise Europol (EIS) agus as Tionscadail Anailíse Europol. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla an Aontais agus na mBallstát, i gcomhréir le srianta oibríochtúla, le hurraim do phrionsabal na comhréireachta agus le hurraim do na cearta bunúsacha, chun a áirithiú go n-áireofar daoine ar bagairt sceimhlitheoireachta iad i mbunachair sonraí an Aontais, lena n-áirítear a sonraí bithmhéadracha, agus le gurbh fhusa na daoine sin a sheiceáil sna córais sin.

FÉACHAINT AN bhFÉADFAÍ síneadh a chur leis an bplé maidir le comhroinnt éifeachtach faisnéise iar-amais SIS i ndáil le foláirimh faoi chionta sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta ar bagairt thromchúiseach iad, ar mhaithe leis na Ballstáit uile atá toilteanach iar-amais SIS a fháil, le go n-aireofaí comhroinnt faisnéise maidir le hiar-amais SIS a bhaineann le sceimhlitheoirí nó le ciontóirí antoisceacha foréigneacha nó le ciontóirí a ndearnadh iad a radacú le linn dóibh a bheith sa phríosún.

OIBRIÚ AS LÁMHA A CHÉILE agus dea-chleachtais a roinnt maidir leis an gcaoi chun an caidreamh le tríú tíortha a dtugtar tosaíocht dóibh a neartú le gurbh fhusa, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, ciontóirí radacaithe eachtracha arna scaoileadh saor ón bpríosún a dhíbirt, ar ciontóirí iad a mbaineann bagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta leo, de réir faisnéis mar shampla ciontuithe breithiúnacha nó faisnéis ó na n-údarás atá freagrach as an tslándáil náisiúnta.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

LEANÚINT de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir le huirlisí measúnaithe riosca a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chaighdeánú, do dhaoine a chiontaítear i gcionta sceimhlitheoireachta agus do dhaoine a ciontaíodh i gcionta coiriúla eile agus a ndearnadh iad a radacú sa phríosún, agus aird á tabhairt ar an mbagairt sceimhlitheoireachta mar atá ag an tráth sin agus an gá dá réir sin leis na huirlisí a oiriúnú de réir mar is cuí, agus tacaíocht a thabhairt i ndáil leis na sonraí eolaíocha a bhailiú atá riachtanach chun na huirlisí sin a bhailíochtú go heimpíreach agus le haghaidh cinnteoireacht fhianaisebhunaithe i ndáil le ciontóirí a scaoiltear saor agus ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a bhainistiú agus a fhaire.

LEANÚINT, a mhéid a cheadaítear faoin dlí is infheidhme, den chomh-mhalartú faisnéise a éascú i ndáil le daoine a mheastar a bheith ina mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta nó ina mbagairt foréigin antoiscigh, lena n-áirítear daoine a ciontaíodh i sceimhlitheoireacht nó a ciontaíodh i gcionta coiriúla eile agus a ndearnadh iad a radacú ina dhiaidh sin agus atá á scaoileadh saor nó ar tí a scaoilte saor agus freisin trí úsáid na n-uirlisí atá ann cheana a spreagadh freisin, go háirithe SIS, agus, i gcás ina bhfuil na daoine sin á bhfaire i gcreat forfheidhmithe dlí, trí úsáid a bhaint as Córas Faisnéise Europol (EIS) agus as Tionscadail Anailíse Europol.

TACÚ leis na Ballstáit chun an caidreamh le tríú tíortha ar tugadh tosaíocht dóibh a neartú le gurbh fhusa príosúnaigh eachtracha radacaithe arna scaoileadh saor ón bpríosún a dhíbirt chuig a dtíortha tionscnaimh.

Le tacaíocht ó Europol laistigh de theorainneacha a shainordaithe agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, chomh-mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit A CHUR CHUN CINN, go háirithe maidir le measúnuithe ar bhagairtí a dhéanamh sula scaoilfear daoine ciontaithe agus maidir le bearta promhaidh nó slándála a fhorchur tar éis a scaoilte saor.